# An tSeandálaíocht sa Phróiseas Pleanála



Bileog Phleanála 13


Oifig an Rialaitheora Pleanála
Office of the Planning Regulator

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing, Local Government and Heritage



# An tSeandálaíocht sa Phróiseas Pleanála

Treoir is ea an bhileog seo le tuiscint a fháil ar na saincheisteanna a thiocfaidh chun cinn sa phróiseas pleanála nuair atá forbairt beartaithe a d’fhéadfadh dul i gcion ar ár n-oidhreacht seandálaíochta. Tá sé ceaptha le bheith ina threoir phraiticiúil agus ní léirmhíniú é ar an reachtaíocht a dtagraítear dó.

## 1.Cad is seandálaíocht ann?

Is éard is seandálaíocht ann an staidéar ar shocaithe san am atá thart trína n-iarsmaí ábhartha agus an fhianaise ar a dtimpeallacht. Níl sé srianta do thréimsí ársa amháin; áiritear leis sn staidéar ar shochaithe a bhí ann réasúnta le déanaí trí, suíomhanna tionscnlaíochta agus míleata.

## 2. Cad í an oidhreacht seandálaíochta?

Le hoidhreacht seandálaíochta áirítear na hiarsmaí ábhartha go léir de shochaithe san am atá thart, a bhfuil an cumas aige feabhas a chur ar an dtuiscint atá againn ar shochaithe dá leithéid. Áirítear leis na hiarsmaí de ghnéithe amhail lonnaíochtaí, adhlacthaí, longa agus báid agus nithe iniompartha de gach sórt, ón rud laethúil go rud an-speisialta. Airítear leis freisin fianaise ar an timpeallacht ina raibh cónaí ar na sochaithe sin.

Baintear úsáid as na téarmaí 'suíomh' nó 'séadchomhartha' i gcoitinne chun tagairt a dhéanamh do struchtúir nó réimsí gníomhaíochta socraithe, murab ionann agus réada soghluaiste ar leith. Cuid den oidhreacht seandálaíochta iad raiceanna stairiúla freisin.

## 3. An bhfuil gach suíomh agus séadchomhartha seandálaíochta sofheicthe?

Neart suíomh agus séadchomharthaí seandálaíochta, níl aon fhianaise sofheicthe orthu ar dhromhcla na talún ach, mar sin féin, maireann taiscí agus gnéithe tábhachtacha seandálaíochta atá mar chuid den suíomh nó séadchomhartha faoi dhromhcla na talún. Mar shampla, maireann na suíomhanna seandálaíochta is luaithe in Éirinn, thart ar 10,000 bliain d'aois, faoi thalamh mar phoill, poill cuaillí ó áitribh chomhaimseartha agus roinnt uirlisí cloiche.

Is féidir suíomhanna faoin dromchla a bhrath uaireanta trí mharcanna barraí atá sofheicthe ón aer nó iad a bhrath ó ghrúpaí déantáin i dtalamh treafa achm (i gcásanna eile) féadfaidh siad fanacht dofheicthe ach amháin má thagtar orthu trí bhriseadh talún. Féadfaidh timpeallachtaí bogaigh agus faoi uisce suíomhanna seandálaíochta, séadchomharthaí agus réada atá caomhnaithe go han-mhaith a bheith iontu, atá dofheicthe go hiomlán ón dromchla. Féadfaidh limistéir uirbeacha taiscí seandálaíochta tábhachtacha fodhromchla a bheith iontu agus féadfaidh struchtúir a bhfuil cuma nua-aimseartha nó réasúnta nua-aimseartha orthu creatlach i bhfad níos sine a bheith leo.

## 4. Cén fáth is cóir oidhreacht seandálaíochta a chosaint agus a chaomhnú?

Ní hamháin go saibhríonn ár n-oidhreacht seandálaíochta ár dtírdhreacha, bailedhreacha agus muirdhreacha, tá sé riachtanach chun ár stair a thuiscint. Ní mhaireann ach cuid de na hiarsmaí ábhartha a d'fhág ár sinsir ina ndiaidh, mar sin tá sé riachtanach go ndéanfaimis a bhfuil fágtha a bhainistiú go stuama. Ó tharla nach raibh aon taifead scríofa ag daoine réamhstaire le fágáil ina ndiaidh, táimid ag brath go hiomlán ar fhianaise ó iarsmaí a séadchomharthaí agus a ndéantán. Ach tá sé tábhachtach a thuiscint go bpléann an



tseandálaíocht le gach ré, agus cuidíonn na hiarsmaí ábhartha ó gach sochaí atá imithe lenar dtuiscint a fhorbairt ar shochaithe dá leithéid. Féachann an tseandálaíocht leis an leibhéal is fearr a bhaint amach d'eolas agus tuiscint ar shochaithe atá thart tríd an bhfianaise ar
fad atá ar fáil a bhailiú agus anailís a dhéanamjh air.

## 5. Cén chosaint dlí atá ann don oidhreacht seandálaíochta?

### Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta

Tá cosaint dlí ag breis agus 120,000 suíomh seandálaíochta toisc go bhfuil siad san áireamh sa taifead reachtúil, Taifead na Séadchomharthaí agus Áiteanna, a bunaíodh faoi Alt 12 d'Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta (Leasú) 1994.

Aon duine (lena n-áirítear úinéir talún) atá ag beartú aon obair a dhéanamh, nó aon obair a ordú, nó aon obair a cheadú, ag Séadchomhartha Taifeadta nó i dtaca leis, ní mór dóibh fógra scríofa a thabhairt don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta dhá mhí roimh an obair sin a thosú. Bíonn leibhéal cosúil leis sin de chosaint i bhfeidhm ar shéadchomharthaí atá san áireamh i gClár na Séadchomharthaí Stairiúla, a bunaíodh faoi Alt 5 d'Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta (Leasú) 1987, ach tá i bhfad níos lú séadchomharthaí ansin ná mar atá i dTaifead na Séadchomharthaí agus Áiteanna.

Maidir le séadchomharthaí náisiúnta in úinéireacht nó faoi chaomhnóireacht an Aire Minister nó údaráis áitiúil nó atá faoi réir ag ordú caomhnaithe faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, tá gá le cead i scríbhinn roimh ré ón Aire d'oibreacha ag an séadchomhartha nó i ngaireacht dó. Tabhair faoi deara go gciallaíonn sé seo go mb'fhéidir go mbeidh toiliú de dhíth do bhriseadh talún mórthimpeall ar shéadchomhartha náisiúnta dá leithéid, nó i ngaireacht dó, ní díreach oibreacha ar an séadchomhartha náisiúnta féin.

Tá cosaint dlí ag na raiceanna go léir atá níos mó ná céad bliain d'aois, agus ní cead aon bhaint a bheith leo ach amháin le cead ón Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Ach amháin má tá tharlaíonn siad mar chuid de ghníomhaíocht atá ceadaithe faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, ní mór gach aimsiú de raiceanna níos

mó ná céad bliain d'aois nó de réada seandálaíochta (lena n-áirítear iad siúd faoi uisce, agus beag beann ar dháta) a thuairisciú i gcomhréir le nósanna imeachta atá leagtha amach in Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta. Ní féidir réada seandálaíochta a athrú ach amháin le cead eisithe ag Ard-Mhúsaem na hÉireann.

Ní féidir tochaltán seandálaíochta (i.e. tochailt etc. chun gnéithe, taiscí nó réada a shainaithint nó a aimsiú) a dhéanamh ach amháin má tá ceadúnas nó toiliú faighte faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta. Tá feidhm leis an riachtanas seo cibé an mbaineann nó nach mbaineann tochaltán seandálaíochta le suíomh seandálaíochta aitheanta. Tá ceadúnas nó toiliú de dhíth le haghaidh gach tochaltán seandálaíochta ar leith, agus eisítear ceadúnais do sheandálaithe cáilithe a bhfuil leibhéal cuí de thaithí acu. D'fhéadfadh toiliú faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta a bheith i dtaca le hoibreacha níos leithne nach oibreacha seandálaíochta iad ach, má thugtar údarú do thochaltán seandálaíochta faoin toiliú, beidh riachtanas ann go ndéanfar an tochaltán seandálaíochta ag seandálaí cáilithe.

Is maoin Stáit réada seandálaíochta a fhaightear sa Stát.

Bíonn rialuithe ar leith i bhfeidhm i dtaca le hoibreacha seandálaíochta a bhaineann le scéimeanna bóithre ceadaithe.

## An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (mar a leasaíodh)

Chomh maith leis hAchtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, tá ról lárnach ag an Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, mar a leasaíodh, sa chosaint ar ár n-oidhreacht seandálaíochta. Go háirithe, leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, aithnítear go n-áirítear le pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe an chosaint don oidhreacht seandálaíochta. Bíonn ar phleananna forbartha na n-údarás áitiúil na cuspóirí sin a áireamh. Ciallaíonn sé seo go mbeidh an chosaint ar an oidhreacht seandálaíochta i gcónaí ina hábhar machnaimh tábhachtach i gcinntí pleanála agus, má bhronntar cead pleanála, gur féidir coinníollacha a ghreamú leis a bhaineann leis an oidhreacht seandálaíochta a chosaint. Déantar gnéithe eile den dlí pleanála faoi mar a bhaineann le hoidhreacht seandálaíochta a nótáil a thuilleadh anseo thíos.

Tá an tábhacht a bhaineann le cosaint na hoidhreachta seandálaíochta daoi dhlí na hÉireann ag teacht le hoibleagáidí idirnáisiúnta na hÉireann mar stát a dhaingnigh *An Coinbhinsiún Eorpach um Chosaint na hOidhreachta Seandálaíochta* 1992 ó Chomhairle na hEorpa. Leis an gCoinbhinsiún éilítear ar stáit a bhfuil sé daignithe acu cosaint na hoidhreachta seandálaíochta a chomhtháthú sa phróiseas pleanála agus forbartha.

## 6. Cén áit a leagtar amach beartas náisiúnta i dtaca le cosaint na hoidhreachta seandálaíochta le linn forbartha agus cad iad na príomhphointí?

Leagtar amach an beartas náisiúnta i dtaca le cosaint na hoidhreachta seandálaíochta le linn forbartha i bhfoilseachán an Rialtais **Framework and Principles for the Protection of the Archeological Heritage** (Rialtas na hÉireann 1999), ar fáil ag: https://www.archaeology.ie/sites/default/files/media/publications/framework-and-principles-for-protection-of-archaeological-heritage.pdf. **Féach go háirithe Cuid III, "Principles for the Protection of the Archaelogical Heritage".**

Sa bheartas náisiúnta leagtar an bhéim ar nádúr neamh-inathnuaite na h-oidhreachta seandálaíochta agus nach mór glacadh leis go mbeifear i bhfách é a chaomhnú san áit ina bhfuil sé *(in situ)*. Ina theannta sin, más rud é nach é caomhnú in situ an rogha a dhéantar, ní mór caomhnú le taifead a bheith ann (i.e. ní mór tochaltán agus taifeadadh seandálaíochta a bheith ann).

Leagtar béim freisin ar an tábhacht atá le foirmeacha cuí de mheastachán seandálaíochta a dhéanamh. Is féidir meastachán dá leithéid a bheith i bhfoirmeacha éagsúla (ó fhoirm neamhionrach go dtí díoga tástála seandálaíochta a thochailt, más cuí) agus cuidíonn sé le tiochar na forbartha ar an oidhreacht seandálaíochta a sheachaint nó, más rud é nach bhfuil sé seo indéanta, a chinntiú go mbíonn caomhnú trí thaifead ann (trí thochaltán agus taifeadadh seandálaíochta). Tá sé tábhachtach a nótáil go mb'fhéidir go nbeidh gá measúnacht seandálaíochta a dhíriú ar struchtúir atá ina seasamh chomh maith leis an oidhreacht seandálaíochta faoi bhun na talún, mar shampla lena chinneadh cé acu an bhfuil creatlach a bhfuil tábhacht seandálaíochta leis i struchtúir ina seasamh i limistéir uirbeacha stairiúla.

Cuirtear in iúl go soiléir sa bheartas náisiúnta freisin go dtiteann na costais ar obair seandálaíochta atá de dhíth d'fhorbairt, mar is cuí, ar an bhforbróir.



## 7. Cad é Taifead na Séadchomharthaí agus Áiteanna?

Is éard atá i **dTaifead na Séadchomharthaí agus Áiteanna** (RMP) liosta reachtúil de Séadchomharthaí agus áiteanna ina d'fhéadfadh séadchomharthaí a bheith, a bunaíodh faoi Alt 12 d'Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta (Leasú) 1994. Tá breis agus 120,000 Séadchomhartha Taifeadta (agus áiteanna) san áireamh san RMP. Is éard atá san RMP tacar foilsithe de mhapaí Suirbhéireachta Ordanáis contae ar chontae, ar a bhfuil séadchomharthaí agus áiteanna marcáilte le ciorcal nó polagán, agus leabhar a ghabhann leo le haghaidh gach contae ina liostaítear na séadchomharthaí agus na háiteanna. Ba chóir a mheabhrú nach gá go dtabharfadh an ciorcal nó an polagán sainmhíniú ar mhéid an tséadchomhartha nó na háite. (Féach Ceist 16 thíos).

Tá an RMP ar fáil ar líne in dhá fhormáid.

Tá leaganacha PDF de na mapaí clóite agus leabhair mar a eisíodh i gcomhréir le hAlt 12 d'Acht 1994 ar fáil ag: https://www.archaeology.ie/publications-forms-legislation/record-of-monuments-and-places.

Is féidir na mapaí RMP a fheiceáil freisin mar leibhéal ar an mBreathnóir Timpeallachta Stairiúla (HEV; féach tuilleadh eolas thíos anseo) ag https://maps.archaeology.ie/HistoricEnvironment/. Ag dáta foilsithe na bileoige seo, is féidir teacht ar an ngné seo tríd an leibhéal RMP a roghnú ar an HEV (téigh chuig 'Layer List' sa chúinne ar dheis ar barr) agus ansin:

(1) an cúrsóir a bhogadh go dtí taobh istigh den limistéar ábhartha don mhapa RMP le feiceáil;
(2) clickeáil laisitgh den limistéar sin chun an fhuinneog aníos a thaispeáint; *agus*
(3) clickeáil ar an nasc a thugtar san fhuinneog aníos le cóip PDF a oscailt den mhapa RMP atá de dhíth.

Bunaíodh an RMP ar na torthaí ó shraith de shuirbhéanna a rinne Suirbhé Seandálaíochta na hÉireann de chuid na Seirbhíse Náisiúnta Séadchomharthaí nó ar a shon. Áirítear leo sin an Suirbhé Seandálaíochta Uirbí, lenar sainaithníodh limistéir laistigh de bhailte an lae inniu ar dócha go bhfuil taiscí seandálaíochta fodhromchla nó struchtúir ina seasamh iontu a bhfuil spéis seandálaíochta ag baint leo (agus, mar a nótáladh thuas, a d'fhéadfadh a bheith i bhfolach laistigh de struchtúir a bhfuil cuma nua-aimseartha orthu). Áirítear na limistéir uirbeacha a sainaithníodh mar sin san RMP.

## 8. An liosta iomlán de na suíomhanna seandálaíochta agus séadchomharthaí aitheanta é Taifead na Séadchomharthaí agus Áiteanna?

Ní hea. Tá sé an-tábhachtach a thuiscint nach n-áirítear leis an RMP na suíomhanna seandálaíochta agus séadchomharthaí ar fad atá ar eolas, toisc go n-aimsítear tuilleadh suíomhanna agus séadchomharthaí dá leithéid ar bhonn leanúnach. Ar an gcúis

sin, tá sé an-tábhachtach (i gcomhthéacs an mhachnaimh ar fhorbairt bheartaithe) an t-eolas ar fad atá ar fáil ar an **mBreathnóir Timpeallachta Stairiúla** (Féach Ceist 9) a chur san áireamh.

## 9. Cad é an Breathnóir Timpeallachta Stairiúla?

Is é an Breathnóir Timpeallachta Stairiúla (HEV) áis mapaí/cuardaigh idirghníomhach ar líne na Seirbhíse Náisiúnta Séadchomharthaí, a sholáthraíonn rochtain ar na taifid go léir a stóráiltear ar a bhunachar sonraí náisiúnta de shuíomhanna agus séadchomharthaí. Tá sé ar fáil ag: https://maps.archaeology.ie/HistoricEnvironment/.

Tabharfaidh an HEV eolas, ní hamháin ar na séadchomharthaí seandálaíochta sin atá san áireamh san RMP reachtúil, ach freisin i dtaca le neart eile atá aitheanta ón uair a eisíodh an RMP. Tá sé tábhachtach na séadchomharthaí go léir a aithnítear san HEV a chur san áireamh nuair a bheidh forbairt á phleanáil.

Tá gné ag an HEV a cheadaíonn 'limistéar fógartha' a ghiniúint ar an scáileán, chomh maith le ponc láir don suíomh nó don séadchomhartha. In am agus i dtráth, le hathchóiriú ar an taifead reachtúil, Taifead na Séadchomharthaí agus Áiteanna (RMP), cinnteofar go bhfuil comhsheasmhacht idir limistéir dá leithéid agus an bealach ina marcáiltear séadchomharthaí agus áiteanna ar na mapaí RMP. Go dtí go dtarloídh sé sin, tá sé tábhachtach cloí leis na limistéir atá marcáilte ar na mapaí RMP má tá siad sin níos leithne ná 'limistéir fógartha' HEV. Ní hionann na limistéir ar an HEV (nó marcáilte ar na mapaí RMP) agus criosanna maolánacha lena gcuirtear féidearthacht na forbartha go hiomlán as an áireamh, cé gur féidir glacadh leis go léiríonn siad limistéir le machnamh orthu go cúramach i dtaca le tionchair fhéideartha ar an suíomh nó séadchomhartha atá i gceist. (Féach Ceist 16).



## 10. Cén acmhainní eile ar líne atá ann?

Chuir an tSeirbhís Náisiúnta Séadchomharthaí sonraí ar líne ar fáil maidir le raiceanna stairiúla aitheanta ag: https://www.archaeology.ie/underwater-archaeology/wreck-viewer.

Tá raon de shonraí eile ar líne bunaithe ar mhapaí ar fáil ar shuíomh gréasáin na Mapaí Oidhreachta a eagraíonn an Chomhairle Oidhreachta: https://www.heritagemaps.ie/WebApps/HeritageMaps/index.html.

## 11. Srianta ar acmhainní ar líne

Tá áid na n-acmhainní ar líne thuas faoi réir ghlacadh leis go bhféadfadh earráidí agus easnaimh a bheith orthu. Ina theannta sin, ní mór béim a leagan ar an tábhacht atá le comhairle ghairmiúil seandálaíochta chuí a lorg, go háirithe i dtaca le bearta níos mó nó níos casta (ach gan a bheith teoranta dóibh sin).

Fiú seandálaithe gairmiúla a fhostaítear le comhairle comhairle a thabhairt maidir le forbairt atá beartaithe, ní mór dóibh a bheith cúramach agus áiseanna ar líne in úsáid acu, agus a bheith cinnte go gcuirfidh siad taighde cartlanna cuí leis. Sampla ar leith de seo is ia an gá a bheadh ann do sheandálaithe atá ag beartú tochaltáin seandálaíochta réamhfhorbartha a dhéanamh a chinntiú gur cheadaigh siad taifid uile Ard-Mhúsaem na hÉireann ar rudaí a aimsíodh, agus gan brath ar acmhainní ar líne amháin.

## 12. Conas is eol dom má áirítear le mo láithreán forbartha séadchomhartha náisiúnta nó má tá ceann i ngaireacht dó atá faoi réir ag ordú caomhnaithe nó má tá sé taobh le séadchomhartha náisiúnta in úinéireacht nó caomhnóireacht an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta nó údarás áitiúil?

Tá liosta neamhdheifnídeach de réir an chontae de shéadchomharthaí náisiúnta in úinéireacht nó caomhnóireacht an Aire ar fáil anseo:

https://www.archaeology.ie/national-monuments/search-by-county

Tá liosta neamhdheifnídeach de shéadchomharthaí náisiúnta atá faoi réir ag odruithe caomhnaithe a rinneadh faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta ar fáil anseo:

https://www.archaeology.ie/sites/default/files/media/publications/po19v1-all-counties.pdf

Séadchomharthaí náisiúnta atá in úinéireacht nó caomhnóireacht an Aire , is dócha go léireofar amhlaidh le comharthaíocht, agus déanann Oifig na nOibreach Poiblí cothabháil orthu.

Féadfar raon séadchomharthaí i úinéireacht údaráis áitiúil a mheas mar shéadchomhartha náisiúntaí in úinéireacht dá leithéid agus nar sin tá siad faoi réir ag riachtanais toilithe faoi Achtanna na

Séadchomharthaí Náisiúnta. Is féidir go n-áireofar sna samplaí séipéil meánoise, reiligí agus ballaí bailte stairiúla.

### 13. Conas is eol dom cé acu an bhfuil mo láithreán forbartha beartaithe suite laistigh no i ngaireacht do Shéadchomhartha Taifeadta nó suíomh seandálaíochta nó séadchomhartha aitheanta eile agus cad eile is cóir dom smaoineamh a dhéanamh i dtaca le hiarrachtaí chun tionchair seandálaíochta a sheachaint ag a gcéim is luaithe?

Ba chóir duit ar dtús féachaint ar an **mBreathnóir Timpeallachta Stairiúla** (HEV) mar a leagtar amach thuas. Ach i dtaca le forbairtí ar scála níos mó, moltar duit do shaineolas seandálaíochta féin a fhostú ag ag céim luath, fiú más rud é nach bhfuil séadchomharthaí seandálaíochta aitheanta ann.

### 14. Má tá mo láithreán forbartha beartaithe suite laistigh de shéadchomhartha nó áit ar an RMP nó gar dó, nó suíomh seandálaíochta, séadchomhartha nó raic stairiúil aitheanta eile, cén áit is féidir liom tuilleadh eolais mionsonraithe a fháil faoi?

Ar an gcéad dul síos, b'fhéidir go mbeidh eolas níos mionsonraithe ar fáil ag an **mBreathnóir Timpeallachta Stairiúla** (HEV) nó ag an **mBreathnóir Raiceanna** ar líne. Más rud é nach bhfuil a leithéid de mhionsonraí ar fáil, is féidir socruithe a dhéanamh (faoi réir ag teorainneacha áirithe) le hábhar cartlainne a rochtain. Ba chóir fiosruithe ina leith sin a chur chuig nmarchive@housing.gov.ie.



Tá tuilleadh eolais faoi rochtain ar Chartlann na Seirbhíse Náisiúnta Séadchomharthaí ar fáil ag: https://www.archaeology.ie/archive-unit.

### 15. Táim ag smaoineamh ar iarratas a dhéanamh ar chead pleanála i dtaca le hoibreacha beartaithe gar do shéadchomhartha san RMP, séadchomhartha seandálaíochta agus raic stairiúil eile. Cén áit is féidir liom roinnt comhairle a fháil i dtaca le mo bhearta roimh iarratas pleanála a chur isteach?

Ba chóir duit dul i dteagmháil leis an údarás pleanála ábhartha (comhairle cathrach nó contae) ar an gcéad dul síos. B'fhéidir gur mhaith leat saineolas seandálaíochta gairmiúil a fhostú ag céim luath.

### 16. An mbíonn crios maolánach caighdeánach mórthimpeall ar shuíomhanna seandálaíochta agus séadchomharthaí nár chóir d'fhorbairt tarlú laistigh díobh nó a chinneann go críochnúil cé acu an mbeadh nó nach mbeadh impleachtaí ag forbairt atá beartaithe don suíomh nó don séadchomhartha?

Ní bhíonn. Tá neart tosca a d'fhéadfadh dul i gcion ar mhéid an ionchais seandálaíochta i limistéar mórthimpeall ar shéadchomhartha, agus a d'fhéadfadh a bheith ábhartha maidir le cé acu an mbeadh nó nach mbeadh forbairt atá beartaithe neamhoiriúnach ar chúiseanna tionchair seandálaíochta (lena n-áirítear tionchar ar thaitneamhacht amhairc i dtaca le séadchomhartha). Áirítear leis na tosca seo cineál agus riocht an tséadchomhartha, an tírdhreach, an úsáid talún a bhí ann roimhe agus nádúr agus scála na forbartha atá beartaithe. Na 'limistéir fógartha' atá le feiceáil ar an mBreathnóir Timpeallachta Stairiúla (agus na ciorcail etc. atá tarraingthe ar mhapaí RMP), níl siad deifnídeach ar bhealach amháin nó ar bhealach eile maidir le cé acu an gceadófar forbairt, gan na tosca thuasluaite a chur san áireamh freisin. Tugann siad cimhartha, áfach, go bhféadfaidh saincheisteanna seandálaíochta a bheith ina ngné thábhachtach sa mhachnamh ar aon fhorbairt atá beartaithe laistigh den 'limistéar fógartha' nó limistéar RMP.

### 17. An dtagann saincheisteanna ar leith chun cinn i dtaca le forbairtí móra?

I gcoitinne bíonn tograí forbartha móra faoi réir ag riachtanas, a eascraíonn faoi Threoir an Aontais Eorpaigh (AE) ar Mheasúnú Tionchair Timpeallachta (EIA), mar atá curtha i bhfeidhm i ndlí na hÉireann, le measúnacht tionchair timpeallachta a dhéanamh. Tagann sé seo chun cinn faoin Treoir ón Aontas Eorpach (AE) maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta (EIA), mar a cuireadh chun feidhme é i ndlí na hÉireann. Mar chuid den phróiseas, ní mór don bhforbróir Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (EIAR) a ullmhú, ina leagtar amach sonraí an togra agus na tionchair shuntasach is dócha a bheidh ag an bhforbairt ar an timpeallacht, lena n-áirítear oidhreacht seandálaíochta, agus na bearta a mholtar chun droch-thionchair a mhaolú.



Ní mór don phróiseas EIA (agus EIAR ar bith) aghaidh a thabhairt ar thionchair agus éifeachtaí ar na gnéithe uile den oidhreacht seandálaíochta (lena n-áirítear raiceanna stairiúla), ní díreach tionchair agus éifeachtaí i dtaca le suíomhanna agus séadchomharthaí atá faoi chosaint faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta nó iad siúd a aithnítear sa Bhreathnóir Timpeallachta Stairiúla (HEV). Mar sin, ní mór d'ullmhúchán EIAR leibhéal áirithe de mheasúnacht seandálaíochta a bheith ann atá dírithe ar oidhreacht seandálaíochta nár aithníodh roimhe a aithint agus bearta maolaithe chuí i dtaca leis an oidhreacht sin, lena n-áirítear gnéithe a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn na forbartha.

Fiú mura bhfuil riachtanas do EIA ann, is dócha go mbeidh forbairt ar scála mór faoi réir ag riachtanais do mheasúnacht seandálaíochta sula mbronnfar cead, trí riachtanais le tuilleadh eolais a chur isteach. Má fhostaítear saineolas cuí seandálaíochta ag céim luath cuideofar le déileáil leis seo.

## 18. An gcuirfear m'iarratas pleanála chuig an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta le tuairim a thabhairt faoi impleachtaí féideartha seandálaíochta?

Faoi na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001, mar a leasaíodh, ní mór d'údaráis phleanála iarratais phleanála a chur faoi bhráid chomhlachtaí áirithe, i gcúinsí sonraithe. Ciallaíonn sé seo, in achoimre, gur gur dócha go ndéabfar aon iarratas pleanála ar fhorbairt atá beartaithe ar, nó i ngaireacht do shéadchomhartha seandálaíochta aitheanta (bíodh sé faoi chosaint faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta nó ná bíodh) a tharchur chuig an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Ina theannta sin, is dócha go ndéanfar bearta don fhorbairt ar scála mór, fiú mura bhfuil sé ag dul i gcion ar shuíomh seandálaíochta nó séadchomhartha aitheanta, a tharchur.

## 19. Cad a tharlaíonn do m'iarratas pleanála má dhéanann údarás pleanála é a tharchur chuig an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta?

Déanann an tAonad Iarratas Forbartha sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta comhordú ar mheastóireacht na Roinne ar gach iarratas pleanála tarchurtha. Scrúdaítear an t-iarratas pleanála le tagairt don tionchar féideartha (lena n-áirítear leibhéal agus méid an tionchair) ar oidhreacht seandálaíochta atá aitheanta agus é sin nach bhfuil ar eolas fós. Bunaithe ar an scrúdú sin, féadfaidh an tSeirbhís Náisiúnta Séadchomharthaí moltaí a dhéanamh, a eisíonn an tAonad Iarratas Forbartha sa Roinn don údarás pleanála. Déanann an t-údarás pleanála ábhartha machnamh ar na moltaí sin mar chuid dá phróiseas cinnteoireacht i dtaca leis an iarratas.

## 20. An gá don údarás pleanála cloí leis na moltaí a dhéanann an Roinn nó ar bhealach eile oidhreacht seandálaíochta a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh i dtaca le hiarratas pleanála?

Déanann an t-údarás pleanála cinneadh maidir leis an iarratas pleanála, ach áirítear i measc na bpríomhthosca ina chinneadh na cuspóirí a leagtar amach ina phlean forbartha féin agus beartais an Rialtais agus an Aire. Ó tharla go gcumfar moltaí na Roinne agus iad siúd leo seo i gcuimhne, is dócha go mbeidh moltaí na Roinne mar threoir láidir don údarás pleanála. Má dhéantar cinneadh a mheasann an Roinn a bheith fíor-easnamhach sa bhealach ina bpléann sé leis an oidhreacht seandálaíochta, is féidir leis an Roinn achoharc a dhéanamh leis an mBord Pleanála (cé go gcinntear iarratais ar Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh ar an gcéad dul síos ag an mBord Pleanála agus mar sin nach bhfuil siad faoi réir ag an bpróiseas achomharc).

## 21. An mbíonn a saineolas seandálaíochta féin ag údaráis phleanála?

Tá roinnt údarás pleanála a bhfuil seandálaithe ag obair leo a dhéanfaidh athbhreithniú ar iarratais phleanála agus a chuirfidh comhairle ar an údarás pleanála ina leith.

## 22. An bhféadfaí diúltú do m'iarratas pleanála ar chúinsí seandálaíochta?

D'fhéadfaí. I measc na samplaí de chásanna ina bhféadfadh sé seo tarlú bheadh tionchar díreach ar shéadchomhartha seandálaíochta aitheanta, nó caillteanas tromchúiseach de thaitneamhacht amhairc ar shéadchomhartha a bhfuil suíomh tábhachtaht aige ar an tírdhreach. Ach i neart cásanna b'fhéidir go mbeifear ábalta aghaidh a thabhairt ar fhadbanna trí athdhearadh. Má bhíonn plé luath leis an údarás pleanála, má chuirtear láithreacht an tséadchomhartha seandálaíochtaí san áireamh go luath agus má fhaightear comhairle ghairmiúil seandálaíochta, cuideofar le seoladh isteach iarratas pleanála a ndiúltófar dóibh a sheachaint.

## 23. Cén fáth a d'fhéadfaí iarraidh orm "Tuilleadh Eolais" a chur isteach i dtaca le tionchar féideartha ar an oidhreacht seandálaíochta agus conas a chomhlíonfaidh mé iarratas mar sin?

Tarlaíonn sé seo nuair a mheasann an t-údarás pleanála (b'fhéidir ag éirí as moladh ón Roinn) go dtagann ceisteanna aníos in iarratas maidir le tionchar féideartha ar an oidhreacht seandálaíochta nár pléadh a dhóthain leo san iarratas. Go minic beidh riachtanas do thuilleadh eolais i bhfoirm iarratais ar mheasúnacht seandálaíochta a chur isteach (féach Ceist 6 thuas do mheasúnacht seandálaíochta), agus mar sin beidh ort saineolas gairmiúil seandálaíochta a fhostú. Más rud é, mar chuid den mheasúnacht, gur gá tochaltáin seandálaíochta trialacha a dhéanamh nó gléasanna braite a úsáid do chúiseanna seandálaíochta, ní mór do na seandálaithe gairmiúla atá ag tabhairt faoin measúnacht ceadúnais agus toilithe ábhartha a fháil faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta. Mar sin féin, cé go ndéanfaidh an tSeirbhís Náisiúnta Séadchomharthaí rialú ar obair dá leithéid, is faoin údarás pleanála a chinneadh cé acu ar cloíodh leis an iarratas ar thuilleadh eolais.



## 24. Má bhronntar cead pleanála orm an bhféadfadh an cead a bheith faoi réir ag coinníollacha a bhaineann le cosaint ar an oidhreacht seandálaíochta, agus más ea cén fhoirm a d'fhéadfadh a bheith orthu?

Sea, d'fhéadfadh bronnadh de chead pleanála a bheith faoi réir ag coinníollacha dá leithéid. Beidh an fhoirm a bheidh orthu éagsúil ag brath ar na cúinsí.

Dá mba rud é nach raibh sé indéanta measúnacht seandálaíochta riachtanach a dhéanamh roimh cead a bhronnadh, d'fhéadfaí coinníoll a éilíonn é seo a cheangal leis an gcead, a éilíonn go gcuirfí measúnacht i gcrích sula gcuirfear tús leis an tógáil.

Is dócha go mbeadh sé seo á thionlacan ag coinníoll eile, a éilíonn athdhearadh chun tionchar ar aon oidhreacht seandálaíochta a aithnítear sa mheastachán a sheachaint, nó tochaltán agus taifeadadh seandálaíochta dá mba rud é nach bhféadfaí tionchar a sheachaint.

Dá mba rud é gur rinneadh meastachán seandálaíochta roimh an gcinneadh ar an iarratas agus gur aithníodh ann tionchar féideartha ar oidhreacht seandálaíochta (ach ní sa mhéid is go raibh gá diúltú) ansin bheadh coinníollacha a leagfaí síos ansin dírithe ar thionchar a laghdú agus a mhaolú trí thochaltán agus taifeadadh seandálaíochta. B'fhéidir go n-éileodh leagan malartach de seo go ndéanfaí cineálacha áirithe de ghnéithe a aithníodh le linn na dtochaltán seandálaíochta sin a chaomhnú *in situ*, e.g. iarsmaí suntasacha saoirseachta.

I roinnt cásanna, má tá an fhéidearthacht ann go mbeidh tionchar ar oidhreacht ach nach bhfuil sé cinnte, leagfar síos riachtanas do mhonatóireacht ag seandálaí oibreacha gairmiúil (le riachtanas breise do chaomhnú in situ trí thaifead, i.e trí thochaltán seandálaíochta ar ghnéithe seandálaíochta etc. a sainaithníodh le linn na monatóireachta).

D'fhéadfadh raon coinníollacha eile teacht chun cinn freisin, ar nós cosc a chur ar dhamáiste trí thimpiste do ghnéithe seandálaíochta nach bhfuil sé beartaithe tionchar a imirt orthu leis an bhforbairt, nó oibreacha caomhnaithe a dhéanamh ar struchtúir os cionn talún nó faoin talamh a bhfuil spéis seandálaíochta iontu.

Tá an forbróir freagrach as costais na hoibre seandálaíochta atá de dhíth faoi choinníollacha dá leithéid. Áireofar leo seo na costais a thabhaíonn seandálaí, fostaithe ag an bhforbróir, ar obair seandálaíochta cheadaithe a dhéanamh don chaighdeán a éilíonn an tSeirbhís Náisiúnta Séadchomharthaí.

Mar sin féin, cé go bhféadfaidh obair seandálaíochta a bheith faoi réir ag rialú ag an tSeirbhís Náisiúnta Séadchomharthaí, ní féidir leis an tSeirbhís Náisiúnta Séadchomharthaí leasú a dhéanamh ar choinníollacha a leagann an t-údarás pleanála agus fanann an fhreagracht leis an údarás pleanála as coinníollacha pleanála a fhorfheidhmiú.

## 25. Cad iad na himpleachtaí a bhíonn ag Séadchomharthaí Taifeadta nó suíomhanna seandálaíochta eile a bheith i láthair ar thailte i dtaca le cé acu an bhfuil forbairt atá beartaithe ar na tailte sin ina forbairt dhíolmhaithe faoin dlí pleanála?

Le hAirteagal 6 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001, mar a leasaíodh, tá foráil do raon leathan de chatagóirí forbartha le bheith díolmhaithe ón riachtanas do chead pleanála a bheadh ann murach sin. Ach baineann Alt 9 de na Rialacháin an díolúint seo nuair a bhíonn roinnt cúinsí i bhfeidhm. Áirítear leo seo an cás nuair bheadh i gceist leis an bhforbairt leasú ar aon suíomh seandálaíochta, a bhfuil sé mar chuspóir ag plean forbartha an údaráis aitiúil ábhartha é a chaomhnú nó a chosaint, nó nuair a bheadh i gceist ann leasú ar aon séadchomhartha seandálaíochta atá san áireamh sa taifead reachtúil, Taifead na Séadchomharthaí agus Áiteanna (seachas le linn oibreacha a ceadaíodh nó a toilíodh dóibh faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta).

Dá réir sin tá sé an-tábhachtach a sheiceáil leis an údarás pleanála ábhartha roimh dul ar aghaidh gan cead pleanála le haon oibreacha a bheadh ina bhforbairt dhíolmhaithe de ghnáth, más cosúil ar chor ar bith go bhféadfadh na hoibreacha seo dul i gcion ar shuíomh seandálaíochta nó séadchomhartha mar a luaitear thuas.

## 26. Má tá cead pleanála agam an gciallaíonn sé nach bhfuil aon ghá agam le ceadúnais nó toilithe faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta?

Ní chiallaíonn. Ní bhaineann bronnadh de chead pleanála an gá le cloí le reachtaíocht eile, má bhaineann. Mar sin, ní bhainfidh bronnadh de chead pleanála, mar shampla, an gá le toiliú ón Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta i dtaca le briseadh talún i ngaireacht do shéadchomhartha náisiúnta (amhail balla bhaile) in úinéireacht údaráis áitiúil.



**Oifig an Rialaitheora Pleanála**
An Ceathrú hUrlár (An Sciathán Thiar)
Teach na Páirce
Gráinseach Ghormáin
191-193A An Cuarbhóthar Thuaidh
Baile Átha Cliath 7
D07 EWV4

opr.ie
info@opr.ie
01 854 6700

Séanadh: Arna eisiúint Eanáir 2021. Arna uasdátú Meán Fomhair 2022. Cé gur glacadh gach cúram agus an bhileog eolais phleanála seo á hullmhú, ní ghlacann Oifig an Rialaitheora Pleanála aon fhreagracht agus ní thugann aon bharántas as cruinneas, iomláine nó nádúr cothrom le dáta na faisnéise a thugtar agus ní ghlacann aon dliteanas ag éirí as aon earráid nó easnamh. Tabhair fógra faoi aon earráid nó easnamh agus aon tuairim le r-phost chuig info@opr.ie